Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10649 – PKN ORLEN / NORMBENZ / SELECTED HUNGARIAN AND SLOVAK ASSETS OF MOL)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 234/06)

1. An 10 Meitheamh 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Polski Koncern Naftowy ORLEN S.A. ("PKN ORLEN", an Pholainn),

— Normbenz Magyarország Kft. ("Normbenz", an Ungáir),

— Sócmhainní áirithe san Ungáir agus sa tSlóvaic atá á rialú ag MOL Magyar Olaj- és Gázipari Nyrt. faoi láthair ("MOL", an Ungáir).

— Gheobhaidh PKN Orlen urlámhas aonair ar Normbenz ina iomláine agus ar shócmhainní áirithe san Ungáir agus sa tSlóvaic atá á rialú ag MOL faoi láthair de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

— Is trí cheannach scaireanna agus sócmhainní atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é PKN ORLEN máthairghnóthas ORLEN Group, ar fiontar ilfhóntais comhtháite é atá gníomhach san Eoraip Láir agus i gCeanada i scagadh ola, agus táirgeadh bithbhreoslaí, táirgeadh peitriceimiceán, táirgeadh leictreachais, mórdhíol agus miondíol breoslaí, miondíol earraí pacáistithe do thomhaltóirí, mar aon le heastóscadh peitriliam agus gáis nádúrtha,

— Oibríonn Normbenz stáisiúin seirbhíse san Ungáir faoi bhranda Lukoil,

— Tugtar le chéile leis na sócmhainní áirithe san Ungáir agus sa tSlóvaic atá á rialú ag MOL faoi láthair sócmhainní arb iad is bonn le hoibriú stáisiún seirbhíse san Ungáir agus sa tSlóvaic.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10649 – PKN ORLEN / NORMBENZ / SELECTED HUNGARIAN AND SLOVAK ASSETS OF MOL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË